




BÍMIS AG CNIOTÁIL!

Cniotáil Chruthaitheach




Cniotáil Láimhe

Rinneadh sraitheanna lúbanna olla a cheangail lena chéile ag baint úsáid as maidí snoite nó cleití le baill éadaigh a chniotáil. Tá an próiseas seo an-chosúil leis an mbealach a dhéantar eangaigh – an-seans gur iascairí a bhí sna chéad cniotáilthe mar sin!



Tús a chur leis an obair



Níl de dhíth ach píosa beag samhlaíochta, olann agus bioráin chniotála le cniotáil a dhéanamh. É sin nó má tá tú ag iarraidh a bheith cruthaitheach, d'fhéadfá cipíní itheacháin, nó briogúin a úsáid mar bhioráin, agus sreang nó ribíní a úsáid mar olann chun cuma ar leith chur ar do shaothar!



Dúshlán Deartha

Is minic a shamhlaítear teicnící nó greamanna ar leith le háit. Déantar geansaithe Árann a chniotáil le holann bhánbhuí gan dath a chur ann. Úsáidtear greamanna ar leith iontu atá traidisiúnta ar Oileáin Árann, atá suite amach ó chósta thiar na hÉireann.

Déan do chuid éadaí cniotáilte féin a dhearadh.



GLACANN SÉ THART AR CHÉAD VAIR AN CHLOIG
CHUN GEANSAÍ A CNIOTÁIL DE LÁMH!

Cúram Olla

Déan éadaí olla a ní in uisce fuar le glantach nádúrtha. Ná cuir i dtriomadóir rothlaim iad agus ná déan iad a chorradh an iomarca ar fhaitíos go dtiocfaidh feiltiú orthu. Cuir ina luí go cothrom iad agus iad á dtriomú.

